

Oifig na mBreithneoirí Costas Dlíthiúil



An tSeirbhís Chúirteanna
Courts Service

Plean Straitéiseach 2026-2029



Iúil 2025

Ábhair

Brollach	4
Réamhrá	5
Maidir leis an Oifig	5
Ár bhFís, Cuspóir agus Luachanna	6
Fís	6
Cuspóir agus Luachanna	6
Timpeallacht atá ag athrú	7
Moltaí Beartais	7
An tSeirbhís Chúirteanna	7
Cás-ualach na hOifige	8
Téarmaí Ceapacháin Breithneoirí	10
Spriocanna Straitéiseacha	11
Seirbhís Ardchaighdeáin a Sheachadadh	12
Sprioc Straitéiseach	12
Gníomhartha	12
Torthaí	12
	13
Eagraíocht Foghlama a bheith ionann	13
Sprioc Straitéiseach	13
Gníomhartha	13
Torthaí	13
Cumarsáid	14
Sprioc Straitéiseach	14
Gníomhartha	14
Torthaí	14
Cuntasacht	15
Sprioc Straitéiseach	15
Gníomhartha	15
Torthaí	15

Brollach

Tá ríméad orm an Plean Straitéiseach d'Oifig na mBreithneoirí Costas Dlíthiúil a chur i láthair, plan a chlúdódh na trí bliana amach romhainn.

Is minic a thuairiscíonn na Cúirteanna gur 'ealaín' seachas 'eolaíocht' é breithniú na gcostas. Cé go bhfuil go leor fírinne sa ráiteas sin, ba í uaillmhian na hOifige i gcónaí níos mó trédhearcachta a thabhairt maidir leis an gcaoi a ndéanaimid ár ndualgais maidir le measúnú a dhéanamh ar chostais dhlíthiúla.

Níor chóir go mbeadh aon rúndiamhair i gceist inár gcuid oibre. Sa chás go gceanglaítear ar pháirtí suim shuntasach i dtáillí dlíthiúla a íoc, tá siad i dteideal a fháil amach conas a rinneamar measúnú ar na táillí sin.

Tá ceithre sprioc straitéiseacha ardleibhéil sainaitheanta againn a bhaineann le cáilíocht, foghlaim, cumarsáid agus cuntasacht. Déantar gach sprioc a fhoroinnt i ngníomhartha atá le glacadh chomh maith leis an dóchas go mbeidh torthaí ann.

Forbraíodh na gníomhaíochtaí sin go léir atá beartaithe chun cuspóir uileghabhálach aonair a chur chun cinn: seirbhís ardchaighdeán a sholáthar.

Barry Magee

Príomhbhreithneoir Costas Dlíthiúil

Réamhrá

Maidir leis an Oifig

Bunaíodh Oifig na mBreithneoirí Costas Dlíthiúil in 2019 faoi Chuid 10 den Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí 2015. Tagann sí in ionad oifig an Mháistir Fómhais. Níl a buiséad féin ag an Oifig agus braitheann sí ar an tSeirbhís Chúirteanna chun foireann, cóiríocht, tacaíocht TF srl. a sholáthar.

Tá an Oifig comhdhéanta den Phríomhbhreithneoir Costas Dlíthiúil, beirt Bhreithneoirí Costas Dlíthiúil, Príomhoifigeach Cúnta, Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus triúr Oifigeach Feidhmiúcháin.

Tá sé de chúram ar an Oifig breithniú a dhéanamh ar leibhéal na gcostas is féidir le cleachtóirí dlí a ghearradh. D'fhéadfadh costais den sórt sin teacht chun cinn in ábhair chonspóideacha nó neamhchonspóideacha. Is iondúil go mbaineann nithe conspóideacha le costais a dhámhann Cúirt ar pháirtí amháin ag deireadh cáis. Is iondúil go mbíonn díospóid idir cliant agus a gcomhairleoirí dlí féin i gceist le hábhair neamhchonspóideacha.

In ábhair chonspóideacha, ní dhéileálann an Oifig ach le costais a dhámhann an Ard-Chúirt, an Chúirt Achomhairc nó an Chúirt Uachtarach.¹ Déileálann an Cláráitheoir Contae cuí leis na costais a dhámhann an Chúirt Chuarda. Déileálann an Breitheamh leis na costais a dhámhann an Chúirt Dúiche.

Déileálann an Oifig le tuairim is míle cás in aghaidh na bliana.² Tá cásanna liostaithe le héisteacht os comhair Breithneora, de ghnáth laistigh de 6 seachtaine tar éis iad a thaisceadh leis an Oifig. Nuair a bheidh sé liostaithe, féadfaidh cás breithniú iomlán a réiteach nó dul ar aghaidh leis. Is éard atá i gceist le breithniú iomlán ná éisteacht ó bhéal³ ina gcuirtear an cás faoi bhráid an Bhreithneora. Nuair a chloistear é seachadann an Breithneoir a chinneadh ó bhéal nó i gcinneadh i scríbhinn.

¹ Déileálann an Oifig freisin le costais Eadrána agus i gcás ina bhforáiltear dó sin le reacht, e.g. Binsí Fiosrúcháin.

² Féach Tuarascálacha Bliantúla na hOifige le haghaidh figiúirí beachta.

³ Bíonn thart ar 200 éisteacht ann in aghaidh na bliana.

Mura bhfuil ceachtar páirtí sásta leis an gcinneadh, féadfaidh siad iarracht a dhéanamh an t-ábhar a chur faoi bhráid an Bhreithneora arís. Is éard atá sa phróiseas sin éisteacht eile agus cinneadh críochnaitheach á dhéanamh ansin.

Ina dhiaidh sin, féadfaidh ceachtar páirtí iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte chun an cinneadh a athbhreithniú ar na forais go ndearna an Breithneoir earráid maidir leis an liúntas ionas go mbeidh an cinneadh éagórach.⁴

Ag deireadh an phróisis, síníonn an Breithneoir Deimhniú Cinnidh lena ndeimhnítear méid iomlán na gcostas dlíthiúil a cheadaítear.

Ár bhFís, Cuspóir agus Luachanna

Fís

Is í fís na hOifige seirbhís den scoth a sholáthar dár n-úsáideoirí agus, ar an gcaoi sin, cur go héifeachtach agus go héifeachtúil le córas cúirteanna den chéad scoth.

Cuspóir agus Luachanna

Tá ár gcuspóir agus ár luachanna ag teacht go hiomlán le luachanna na Seirbhíse Poiblí a áirítear i Straitéis 2030 maidir le Seirbhísí Poiblí Níos Fearr – Claochlú na Seirbhíse Poiblí.

Tá sé mar aidhm againn freastal ar ionchais agus riachtanais na foirne, na gcomhpháirtithe ceartais, úsáideoirí na hOifige agus an phobail.

Tá sé mar aidhm againn croíluachanna na Seirbhíse Cúirteanna a bhaint amach maidir le bheith gairmiúil, dírithe ar chustaiméirí, cothrom, neamhchlaonta, freagrúil agus measúil.

⁴ S.161

Timpeallacht atá ag athrú

Moltaí Beartais

Tá gealltanas tugtha ag an Rialtas i gClár an Rialtais “leanúint den obair chun treoirínte nua a fhorbairt chun rátaí agus scálaí soiléire táillí a shocrú do gach cineál dlíthíochta sibhialta, rud a chuirfidh trédhearcacht, iomaíochas agus cothroime i gcostais dhlíthiúla chun cinn.” Bhí sé seo ar cheann de na moltaí i dTuarascáil Kelly.⁵

D’fhéadfadh tionchar suntasach a bheith ag aon athchóirithe reachtacha ar obair na hOifige maidir leis an gcaoi a ndéantar costais a dhámhachtain agus a mheasúnú. Níl sé soiléir go fóill an mbeadh aon fheidhm nó ról ag an Oifig in aon chóras nua le haghaidh costas. Baineann aon leasuithe go hiomlán leis an Rialtas agus leis an Oireachtas, mar nithe a bhaineann le beartas.

Cé nach bhfuil aon fheidhm bheartais ag an Oifig faoi Acht 2015, is maith atá sí in ann sainchomhairle agus saintreoir a chur ar fáil maidir leis an gcaoi ar dócha go n-oibreoidh aon chóras atá beartaithe go praiticiúil agus an mbainfeadh sí a spriocanna beartais amach. Dá réir sin, ba cheart don Oifig a bheith rannpháirteach go lárnach i bpleanáil aon athchóirithe a d’fhéadfadh a bheith ann.

Chuir an Oifig aighneacht faoi bhráid an Údaráis Rialála Seirbhísí Dí le déanaí maidir le hoibriú Chuid 10 d'Acht 2015, mar chuid dá n-athbhreithniú ar oibriú an Achta. Tuigtear go bhfoilseofar an t-athbhreithniú go luath. Ina dhiaidh sin, is faoin Rialtas a bheidh sé cibé an bhfuil siad ag iarraidh na hathruithe molta a chur i bhfeidhm.

An tSeirbhís Chúirteanna

Níl a buiséad féin ag an Oifig agus braitheann sí ar an tSeirbhís Chúirteanna chun foireann, cóiríocht, tacaíocht TF etc. a sholáthar. Mar sin forbraíodh an Plean seo de réir na bPleananna Seirbhíse Cúirteanna seo a leanas:

- Plean Straitéiseach Corparáideach 2024 – 2027
- Fís Straitéiseach Fhadtéarmach – 2030
- Straitéis TFC, Dhigiteach agus Sonraí 2024 – 2027

⁵ Féach an Tuarascáil ar an Athbhreithniú ar Riaradh an Cheartais Shibhialta.

Dá réir sin, tá na pleananna sin bunaithe ar phleananna agus straitéisí níos leithne na hearnála poiblí, amhail 'Rialtas a Nascadh 2030: Straitéis Dhigiteach agus TFC do Sheirbhís Phoiblí na hÉireann'.

Tá iarracht déanta sa phlean seo spriocanna straitéiseacha na hOifige a ailíniú le spriocanna straitéiseacha na Seirbhíse Cúirteanna agus na hEarnála Poiblí i gcoitinne.

Tá straitéis foghlama agus forbartha i bhfeidhm ag an tSeirbhís Chúirteanna. Úsáideann sí seo cur chuige dírithe ar fhoghlaím agus forbairt, ceannaireacht agus oiliúint i scileanna bainistíochta. Úsáidtear na cumais sin chun eolas a choinneáil agus clár oibre athchóirithe na hOifige a bhainistiú, ar bhealach a chuireann an inbhuanaitheacht fhadtéarmach chun cinn.

Déanfaidh an Oifig seirbhísí agus réitigh dhigiteacha a bharrfheabhsú trí pháirt a ghlacadh san aistriú chuig UCMS i gcomhréir le Stiúrtóireacht na nUaschúirteanna agus trí dhul i dteagmháil le gluaiseacht chuig an Tairseach Coinneála Sonraí. Cuideoidh sé sin leis an obair leanúnach chun teagmháil a dhéanamh le seirbhísí poiblí ar líne trí mheáin dhigiteacha, i gcomhréir le beartais TFC agus ríomhrialtais na hEarnála Poiblí.



Cás-ualach na hOifige

Tá obair na hOifige bunaithe go hiomlán ar ghníomhaíocht san earnáil dhlíthiúil. Is i gcúrsaí conspóideacha atá an cion is mó d'obair na hOifige. Sna blianta roimhe sin, bhain níos lú ná 1% de na cásanna a taisceadh le díospóidí cleachtóra dlíthiúil agus cliant. Baineann an chuid eile le hábhair chonspóideacha, i.e. costais arna ndámhachtain ag Cúirt, binse eadrána de chuid comhlachta reachtúil eile.

Cé go bhféadfaí glacadh leis dá mhéad an leibhéal gníomhaíochta sna hUaschúirteanna, is ea is mó an líon breithnithe a taisceadh leis an oifig, i ndáiríre, ní thacaíonn na sonraí leis an mbarúil sin.

Léiríonn na graif seo a leanas aschur na nUaschúirteanna i gcásanna sibhialta agus na hiarratais a rinneadh chuig an Oifig le blianta beaga anuas.⁶

⁶ Féach Tuarascálacha Bliantúla na Seirbhíse Cúirteanna agus Oifig na mBreithneoirí Costas Dílíthiúil.



Nuair a dhéantar comparáid idir an dá ghraf, ní nochtar aon chomhghaol soiléir idir ábhair atá á dtabhairt chun críche sna hUaschúirteanna agus iarratais atá á ndéanamh chuig an OLCA.

Fágann sé sin go bhfuil sé deacair sreafaí oibre don Oifig amach anseo a thuar trí thagairt a dhéanamh d'aschur athraitheach na nUaschúirteanna. Mar sin féin, is é an rud a léiríonn na sonraí ná easpa athraithe shuntasaigh ar iarratais a chuirtear isteach leis an Oifig bliain i ndiaidh bliana. I bhfianaise na sonraí thuas ó bhunú na hOifige in 2019, is cosúil nach dócha go mbeidh aon athrú suntasach ar an méid oibre a dhéanfaidh an Oifig le linn shaolré an Phlean seo.

Tá an Oifig le hionchorprú i gcur i bhfeidhm chóras TF UCMS ar fud na nUaschúirteanna. Cuirfidh sé sin feabhas ar ár gcumas anailís a dhéanamh ar shonraí agus cuirfidh sé ar ár gcumas naisc a shainaithint idir gníomhaíocht sna hUaschúirteanna agus iarratais chuig an Oifig.

Téarmaí Ceapacháin Breithneoirí

Nuair is gá Breithneoir nua a cheapadh, tá méid áirithe cur isteach ar obair na hOifige, rud atá dosheachanta. Tagann sé seo chun cinn mar gheall ar an bpróiseas earcaíochta agus grinnfhiosrúcháin is gá chomh maith le tréimhse ionductúcháin don Bhreithneoir nuacheaptha.

Síneann téarmaí ceapacháin an Phríomhbhreithneora Costas Dílíthiúil agus an bheirt Bhreithneoirí Costas Dílíthiúil thar 2029 agus dá bhrí sin, níltear ag súil go mbeidh gá le haon cheapacháin thar théarma an Phlean seo. Cuirfidh sé sin tréimhse leanúnachais agus cobhsaíochta ar fáil chun an Plean seo a chur chun feidhme.

Spriocanna Straitéiseacha

Is ceanglas de chuid Acht 2015 é go ndéanfar an méid seo a leanas leis an bPlean seo:

- na príomhchuspóirí, na haschuir agus na straitéisí gaolmhara a leagan amach chun feidhmeanna na mBreithiúna a chomhlíonadh, agus
- aird a thabhairt ar an ngá atá ann a áirithiú go mbainfear an úsáid is éifeachtaí agus is éifeachtúla is féidir as acmhainní.

Tuigeann an Oifig, mar chuid den tSeirbhís Chúirteanna níos leithne, gur cheart go ndíreodh na spriocanna seo ar ábhair a thagann faoi chumhacht agus faoi inniúlacht na hOifige lena mbaint amach. Baineann polasaithe agus pleananna na Seirbhíse Cúirteanna chomh maith céanna leis an Oifig agus ní dhéantar athrá orthu anseo.

Forbraíodh na spriocanna seo chun a chinntiú gur féidir iad a bhaint amach laistigh de na hacmhainní atá ar fáil cheana féin.

Tá sé beartaithe go dtabharfaidh Tuarascáil Bhliantúil na hOifige tuairisc ar an dul chun cinn atá déanta agus ar na céimeanna a glacadh chun na spriocanna sin a bhaint amach.



Sprioc 1

Seirbhís Ardchaighdeáin a Sheachadadh

Sprioc Straitéiseach

Is í príomhfheidhm na hOifige breithniú a dhéanamh ar chostais dhlíthiúla. Ní mór é sin a bhaint amach ar bhealach dleathach, éifeachtach agus éifeachtúil. Ní mór don sprioc sin a bheith lárnach i ngach rud a dhéanann an Oifig, agus ní mór do gach sprioc eile tacú leis sin.

Gníomhartha	Torthaí
- Treoirilínte a fhorbairt maidir lenár bhfeidhmeanna. - Samhail dearbhaithe cáilíochta a fhorbairt. - Cinntiú go gcuirtear an Oifig san áireamh i gcur i bhfeidhm na bhforbairtí TFC faoi phleananna Digiteach ar dTús na Seirbhíse Cúirteanna. - Straitéis Riosca a fhorbairt. - Inrochtaineacht ar chinntí a fheabhsú.	- Cinntí cáilíochta a chur i gcrích ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach. - Níos mó trédhearcachta maidir le conas a oibríonn an Oifig agus conas a dhéantar cinntí. - Cáilíocht nósanna imeachta na hOifige a fheabhsú. - Cinntiú go bhfuil faisnéis faoin Oifig ar fáil ar bhealach atá áisiúil don úsáideoir. - Tuairisciú níos fearr a chur ar fáil trí úsáid a bhaint as ardán coiteann TF UCMS ar fud na Seirbhíse Cúirteanna.



Eagraíocht Foghlama a bheith ionann

Sprioc Straitéiseach

Tá sé ríthábhachtach go bhforbróidh agus go gcothabhálfadh an Oifig beartais chuí chun a chinntiú go mbeidh gach ball foirne agus na Breithneoirí in ann a gcuid scileanna agus eolais a chothabháil, a fheabhsú agus a nuashonrú go sásúil. Tá sé ríthábhachtach go gcoinneoidh an Oifig ar an eolas faoi fhorbairtí dlíthiúla lena chinntiú gur féidir linn breithniú ceart a dhéanamh ar na costais dhlíthiúla ghaolmhara.

Gníomhartha

- Cinntiú go gcuirtear deiseanna oiliúna ar fáil don fhoireann chun a gcuid scileanna a fhorbairt.
- Beartas maidir le bainistíocht eolais a fhorbairt.
- Naisc a fhorbairt le heagraíochtaí comhchosúla eile.
- Cultúr foghlama agus forbartha a fhorbairt agus a neartú.

Torthaí

- Oifig eolasach.
- An cumas déileáil le gach réimse nua dlí de réir mar a thagann siad chun cinn.
- Leanúint de bheith ina chomhlacht saineolaithe sa Stát maidir le gach gné de chostais dhlíthiúla.
- De shíor ag iarraidh ár seirbhísí a fheabhsú agus foghlaim ó dhaoine eile.
- Toilteanas ár n-eolas agus ár dtaithí a roinnt le heagraíochtaí eile.



Cumarsáid

Sprioc Straitéiseach

Is í an Oifig an sainchomhlacht le breithniú a dhéanamh ar chostais dhlíthiúla sa Stát. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach go roinnfear ár n-eolas, agus go n-aithneofar an Oifig mar an sainchomhlacht atá aici.

Tá sé tábhachtach go mbeimid soiléir faoin gcaoi a ndéanaimid cumarsáid maidir le hábhar agus modhanna na cumarsáide sin.

Gníomhartha	Torthaí
• ‘Grúpa Úsáideoirí’ a bhunú. • Straitéis cumarsáide a fhorbairt. • Rochtain ar ár gcinntí a fheabhsú. • Rannpháirtíocht earnála réamhghníomhach.	• Feabhas leanúnach a chur ar cháilíocht ár seirbhísí. • Caidreamh a fhorbairt lenár n-úsáideoirí chun tuiscint níos fearr a fháil ar a gcuid riachtanas agus conas is féidir linn freastal orthu. • Cinntiú go bhfuilimid soiléir inár gcumarsáid le daoine eile. • Níos mó trédhearcachta maidir leis an méid a dhéanaimid agus na cúiseanna atá lenár gcinntí.



Sprioc

4

Cuntasacht

Sprioc Straitéiseach

Mar is amhlaidh le haon eagraíocht san earnáil phoiblí, ní mór don Oifig a bheith freagrach go hiomlán as an gcaoi a gcaitear airgead poiblí. Tá sé tábhachtach go mbeadh na nósanna imeachta agus na beartais chearta i bhfeidhm chun a áirithiú go mbainfear cuntasacht chuí amach. Beidh gá leis na beartais sin chun an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir cuntasacht agus neamhspleáchas.

Gníomhartha	Torthaí
• Comhlíonfaimid ár n-oibleagáidí rialachais reachtúla go léir. • CLS a fhorbairt leis an tSeirbhís Chúirteanna. • Tuarascáil ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis an bplean seo a chur chun feidhme inár dTuarascáil Bhliantúil.	• Deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonaimid ár n-oibleagáidí reachtúla. • Tuiscint shoiléir agus comhaontú soiléir leis an tSeirbhís Chúirteanna maidir le hionchuir agus aschuir a bhfuil an dá pháirtí ag súil leo. • Cuntasacht maidir leis an gcaoi a n-úsáidimid na hacmhainní a chuireann an tSeirbhís Chúirteanna ar fáil. • Cinntiú go bhfuil bearta rialachais iomchuí i bhfeidhm.

